Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Lúnasa 2026**
**(OR. en)**

**12356/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0238 (NLE)**

**ECOFIN 1088**
**UEM 395**
**FIN 1152**
***ECB***
***EIB***

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Lúnasa 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 434 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 434 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 434 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 7.8.2026
COM(2026) 434 final

2026/0238 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile**

{SWD(2026) 266 final}

GA GA

2026/0238 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Iodáil an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021 d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 2023[3], an 8 Nollaig 2023[4], an 14 Bealtaine 2024[5], an 18 Samhain 2024[6], an 20 Meitheamh 2025[7], an 27 Samhain 2025[8], agus an 30 Márta 2026[9].

(2) An 11 Meitheamh 2026 rinne an Iodáil iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an Iodáil.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.
2 ST 10160/21 INIT; ST 10160/21 ADD 1 REV 2; ST 10160/21 ADD 1 REV 2 COR 1 (sk).
3 ST 12259/23 INIT.
4 ST 16051/23 INIT; ST 16051/23 ADD 1; ST 16051/23 ADD 1 REV 1 (ga).
5 ST 9399/24 INIT; ST 9399/24 ADD 1; ST 9399/24 ADD1 COR 2 (sv).
6 ST 15114/24 INIT; ST 15114 ADD 1 REV 1.
7 ST 9587/25 INIT; ST 9587/25 ADD 1.
8 ST 15106/25 INIT: ST 15106/25 ADD 1; ST 15106/25 ADD 1 COR 1 (sv).
9 ST 7138/26 INIT; ST 7138/26 ADD 1.

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Iodáil isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 118 mbeart.

(4) Tá iarrtha ag an Iodáil go mbainfí dhá bheart de bharr imthosca oibiachtúla. Baineann an méid sin le: M3C1-11 faoi Infheistíocht 1.3 (Naisc thrasnánacha) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1; M5C3-14 faoi Infheistíocht 1.5 (Scéim Creidmheasa Cánach le haghaidh Infheistíochtaí i nDeisceart na hIodáile agus sa Limistéar Eacnamaíoch Speisialta (SEZ)) faoi Mhisean 5, Comhchuid 3. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Tá sé mínithe ag an Iodáil nach féidir trí bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de bharr easpa éilimh nó athrú ar an éileamh. Baineann an méid sin le M2C1-8 faoi Infheistíocht 2.3 (Nuálaíocht agus meicniú san earnáil talmhaíochta agus san earnáil bhia) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1; M2C2-45 faoi Infheistíocht 1.1 (Córais agra-voltacha a fhorbairt) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M3C2-5bis faoi Infheistíocht 2.1 (An slabhra lóistíochta a dhigiteáil), faoi Mhisean 3, Comhchuid 2. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Iodáil nach féidir cúig bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh mar gheall ar athruithe ar dhálaí an mhargaidh, lena n-áirítear moilleanna gan choinne ar sholáthar a dhéanann difear do nósanna imeachta soláthair. Baineann an méid sin le M1C2-15 faoi Infheistíocht 2 (Nuálaíocht agus teicneolaíocht na micrileictreonaice) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2; M2C1-9 faoi Infheistíocht 2.2 (Páirc Agra-ghréine) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1; M2C2-29 faoi Infheistíocht 4.3 (Bonneagair athluchtúcháin a shuiteáil); M7-27 faoi Infheistíocht 8 (Soláthar inbhuanaithe, ciorclach agus slán Amhábhar Criticiúil); M7-41 agus M7-42 faoi Infheistíocht 15 (Transizione 5.0) faoi Mhisean 7. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Iodáil nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar bhaic theicniúla is cúis mhoille don chur chun feidhme iarbhír. Baineann an méid sin le M3C1-26 agus le M3C1-27 faoi Athchóiriú 1.3 (Éifeachtúlacht an bhonneagair iarnróid a mhéadú san Iodáil) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an Iodáil nach féidir dhá bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh mar gheall ar bhoilsciú agus ar cheisteanna oibríochtúla de chineál teicniúil. Baineann an méid sin le M3C1-5 agus M3C1-6 faoi Infheistíocht 1.1 (Naisc iarnróid ardluais sa Lár agus sa Deisceart le haghaidh paisinéirí agus lasta); M3C1-9 faoi Infheistíocht 1.2 (Línte ardluais lena nasctar Tuaisceart na hIodáile leis an gcuid eile den Eoraip) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(9) Mhínigh an Iodáil nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar theagmhais adhaimsire ba shiocair le Fógairt Staide Éigeandála[10] in 2025 agus 2026 a bhain do chríocha Calabria, na Sairdíne agus na Sicile. Baineann an méid

[10] Cinneadh ó Chomhairle na nAirí an 4 Meitheamh 2025 lena bhfógraítear Staid Éigeandála do Chathracha Meitreapholaiteacha Catania agus Messina; Cinneadh uimh. 157 ó Chomhairle na nAirí an 26 Eanáir 2026 lena bhfógraítear Staid Éigeandála do chríocha Calabria, na Sicile agus na Sairdíne.

sin le M2C4-38 faoi Infheistíocht 4.4 (Infheistíochtaí i séarachas agus íonúchán) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Tá mínithe ag an Iodáil go bhfuil naoi mbeart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a n-uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann an méid sin le M1C2-34 faoi Infheistíocht 9 (Beart méadaithe: Aistriú 4.0) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2; M2C2-35bis faoi Infheistíocht 4.4.2 (An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch); M2C2-43 faoi Infheistíocht 5.4 (Instealladh cothromais sa Chiste um Aistriú Glas faoi bhainistíocht CDP Venture Capital SGR) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M2C2-47 faoi Infheistíocht 1.2 (Foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn do phobail fuinnimh agus d'fhéintomhaltóirí fuinnimh inathnuaite a ghníomhaíonn go comhpháirteach); M2C4-39 agus M2C4-40 faoi Infheistíocht 4.5 (Scéim deontais le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar uisce) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4; M3C1-20 faoi Infheistíocht 1.8 (Stáisiúin traenach a uasghrádú) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1; M7-31 faoi Infheistíocht 11 (Beart méadaithe: An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch); M7-44 faoi Infheistíocht 16 (Tacaíocht do FBManna le haghaidh féintáirgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite); M7-49 faoi Infheistíocht 17 (Ionstraim airgeadais le haghaidh athchóirithe fuinnimh ar thithíocht chónaithe phoiblí) faoi Mhisean 7 Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(11) Mhínigh an Iodáil gur leasaíodh 93 bheart chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin fós á mbaint amach. Baineann an méid sin le: M1C1-26 faoi Infheistíocht 1.1 (Bonneagar Digiteach); M1C1-45 faoi Athchóiriú 1.4 (Athchóiriú ar an gceartas sibhialta); M1C1-46 faoi Athchóiriú 1.5 (Athchóiriú ar an gceartas coiriúil); M1C1-59ter agus M1C1-63 faoi Infheistíocht 1.9 (Athchóiriú ar an bhfostaíocht phoiblí agus athchóiriú um shimpliú); M1C1-66 faoi Infheistíocht 1.9 (Cúnamh teicniúil a sholáthar agus fothú acmhainneachta a neartú le haghaidh chur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile); M1C1-117 faoi Athchóiriú 1.15 (Athchóiriú ar na rialacha maidir le cuntasaíocht phoiblí); M1C1-119 faoi Athchóiriú 1.14 (Athchóiriú ar an gcreat fioscach fonáisiúnta); M1C1-121bis faoi Athchóiriú 1.12 (Athchóiriú ar an riarachán cánach); M1C1-122 faoi Athchóiriú 1.13 (Athchóiriú ar an gcreat athbhreithnithe caiteachais); M1C1-148 faoi Infheistíocht 1.4.1 (Taithí na saoránach – Feabhas ar cháilíocht agus ar inúsáidteacht seirbhísí poiblí digiteacha); M1C1-151 faoi Infheistíocht 1.4.5 (Fógraí poiblí a dhigiteáil); M1C1-152 faoi Infheistíocht 1.6.1 (An Aireacht Ghnóthaí Inmheánacha a dhigiteáil); M1C1-155 faoi Infheistíocht 1.6.3 (An Institiúid Náisiúnta Slándála Sóisialta (INPS) agus an Institiúid Náisiúnta um Árachas i gcoinne Tionóiscí ag an Obair (INAIL) a dhigitiú) faoi Mhisean 1 Comhchuid 1; M1C2-13bis faoi Athchóiriú 2 (Dlíthe Bliantúla Iomaíochta); M1C2-14ter faoi Athchóiriú 3 (Dreasachtaí gnólachtaí a chuíchóiriú agus a shimpliú); M1C2-17, M1C2-18, M1C2-20 agus M1C2-21 faoi Infheistíocht 3 (Naisc idirlín thapa (Ultra-leathanbhanda agus 5G)); M1C2-23bis faoi Infheistíocht 4 (Teicneolaíocht satailíte agus an geilleagar spáis) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2; M1C3-3 faoi Infheistíocht 1.2 (Deireadh a chur le bacainní fisiceacha agus cognaíocha i músaeim, leabharlanna agus cartlanna chun go mbeidh rochtain níos leithne ar an gcultúr agus rannpháirtíocht níos leithne ann); M1C3-16bis faoi Infheistíocht 2.1 (Tarraingteacht bailte beaga stairiúla);

M1C3-17 faoi Infheistíocht 2.2 (An ailtireacht agus an tírdhreach tuaithe a chosaint agus a fheabhsú); M1C3-19 faoi Infheistíocht 2.4 (Sábháilteacht sheismeach ionad adhartha, athchóiriú oidhreacht FEC agus foscadáin le haghaidh saothair ealaíne (Recovery Art)); M1C3-21 faoi Infheistíocht 3.2 (Forbairt thionscal na scannán (tionscadal Cinecittà)); M1C3-29 faoi Infheistíocht 4.2 (Cistí le haghaidh iomaíochas na bhfiontar turasóireachta); M1C3-36 faoi Infheistíocht 4.3 (Caput Mundi – Next Generation EU le haghaidh mórimeachtaí turasóireachta) faoi Mhisean 1, Comhchuid 3; M2C1-10 Infheistíocht 2.1 (Plean lóistíochta don earnáil agraibhia, don earnáil iascaireachta agus dobharshaothraithe, d'earnáil na foraoiseachta, d'earnáil na bláthadóireachta agus d'earnáil na bplandlann); M2C1-16quater faoi Infheistíocht 1.1 (Monarchana nua bainistithe dramhaíola a chur chun feidhme agus monarchana atá ann cheana a nuachóiriú agus tionscadail shuaitheanta maidir leis an ngeilleagar ciorclach); M2C1-19 faoi Infheistíocht 3.1 (Oileáin ghlasa); M2C1-21 faoi Infheistíocht 3.2 (Pobail ghlasa) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1; M2C2-10 faoi Infheistíocht 2.1 (Eangacha cliste a neartú); M2C2-13 faoi Infheistíocht 2.2 (Idirghabhálacha chun athléimneacht na heangaí cumhachta a mhéadú); M2C2-17 faoi Infheistíocht 3.4 (Tástáil hidrigine le haghaidh soghluaisteacht iarnróid agus iompar de bhóthar); M2C2-23 faoi Infheistíocht 4.1 (Infheistíocht sa tsoghluaisteacht bhog (Plean Náisiúnta Raon Rothar)); M2C2-26 faoi Infheistíocht 4.2 (Mearchórais Olliompair a fhorbairt); M2C2-30 faoin Infheistíocht 4.5 (An clár chun na flíteanna feithiclí príobháideacha agus feithiclí tráchtála éadroma a athnuachan le feithiclí leictreacha); M2C2-35ter faoi Infheistíocht 4.4.1 (An flít busanna iompair phoiblí réigiúnach a neartú le busanna astaíochtaí nialasacha); M2C2-40 faoi Infheistíocht 5.1 (Tacaíocht don chóras táirgthe don Aistriú Éiceolaíoch, Teicneolaíochtaí Glan-nialasacha, agus iomaíochas agus athléimneacht slabhraí soláthair straitéiseacha); M2C2-49 faoi Infheistíocht 3.1 (Hidrigin a thairgeadh ar láithreáin athfhorbraíochta (Gleannta Hidrigine)); M2C2-53 faoi Infheistíocht 5.2 (Hidrigin) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M2C3-6 faoi Infheistíocht 1.1 (Scoileanna nua a thógáil trí athsholáthar foirgneamh); M2C3-10 faoi Infheistíocht 3.1 (Téamh ceantair éifeachtúil a chur chun cinn) faoi Mhisean 2, Comhchuid 3; M2C4-6bis faoi Infheistíocht 3.2 (Digitiú páirceanna náisiúnta); M2C4-11bis faoi Infheistíocht 2.1a (Bearta laghdaithe rioscaí tuilte agus hidrigeolaíocha – Idirghabhálacha in Emilia-Romagna, sa Tuscáin, agus in Marche); M2C4-13 faoi Infheistíocht 2.1b (Bearta laghdaithe rioscaí tuilte agus hidrigeolaíocha); M2C4-20bis faoi Infheistíocht 3.1 (Foraoisí uirbeacha agus pearuirbeacha a chosaint agus a fheabhsú); M2C4-23 faoi Infheistíocht 3.3 (Athnádúrú limistéar na Pó); M2C4-25 faoi Infheistíocht 3.4 (Ithir ó shuíomhanna dílleachtacha a fheabhsú); M2C4-29 faoi Infheistíocht 4.1 (Infheistíochtaí i bpríomhbhonneagair uisce ar mhaithe le slándáil an tsoláthair uisce); M2C4-34bis faoi Infheistíocht 4.3 (Infheistíochtaí in athléimneacht an agraichórais uisciúcháin chun acmhainní uisce a bhainistiú ar bhealach níos fearr) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4; M3C1-14 faoi Infheistíocht 1.4 (An Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS)); M3C1-28 faoi Infheistíocht 1.10 (Nóid mheitreapholaiteacha agus línte iarnróid réigiúnacha a neartú) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1; M3C2-6 faoi Infheistíocht 2.2 (Bainistíocht aerthráchta a dhigiteáil); M3C2-9 faoi Infheistíocht 1.1 (Calafoirt ghlasa: idirghabhálacha le haghaidh fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh ag calafoirt); M3C2-12 faoi Infheistíocht 2.3 (Leictreachas cois cladaigh) faoi Mhisean 3, Comhchuid 2; M4C1-14ter faoi Athchóiriú 2.1 (Earcaíocht múinteoirí); M4C1-18 faoi Infheistíocht 1.1 (Plean do naíolanna agus do réamhscoileanna agus do sheirbhísí oideachais agus cúraim luath-óige); M4C1-20 faoi Infheistíocht 5 (An córas gairmoiliúna treasaí (ITS) a fhorbairt); M4C1-21 faoi Infheistíocht 1.2 (Plean chun uaireanta scoile lánaimseartha a leathnú); M4C1-22 faoi Infheistíocht 1.3 (Plean um

Feabhsú Bonneagair Spóirt Scoileanna); tuairisc an bhirt M4C1-24 faoi Infheistíocht 1.6 (Treoir ghníomhach san aistriú idir scoil agus ollscoil); M4C1-26 faoi Infheistíocht 3.3 (Plean slándála fhoirgnimh scoile agus athshlánaithe struchtúraigh); M4C1-30 faoi Infheistíocht 1.7 (Tithíocht mac léinn) faoi Mhisean 4, Comhchuid 1; M4C2-9 faoi Infheistíocht 1.4 (Cruthú 'ceannairí náisiúnta T&F' maidir le hEochairtheicneolaíochtaí Cumasúcháin); M4C2-14 faoi Infheistíocht 2.3 (Lárionaid aistrithe teicneolaíochta); M4C2-16bis faoi Infheistíocht 3.1 (Bonneagair thaighde agus nuálaíochta); M4C2-18bis faoi Infheistíocht 1.5 ('Éiceachórais nuálaíochta le haghaidh inbhuanaitheachta', 'ceannairí críche taighde agus forbartha' a chruthú) faoi Mhisean 4, Comhchuid 2; M5C1-4bis faoi Athchóiriú 1 (BGMSanna agus Gairmoiliúint); M5C1-7bis faoi Infheistíocht 1 (Seirbhísí poiblí fostaíochta a neartú); M5C1-11 faoi Athchóiriú 2 (Obair neamhdhearbhaithe); M5C1-14 faoi Infheistíocht 2 (Córas Deimhniúcháin um Chomhionannas Inscne) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; M5C1-16 faoi Infheistíocht 4 (Seirbhís Shibhialta Uilíoch) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; tuairisc an bhirt faoi Infheistíocht 3 ( Tús Áite don Tithíocht agus Stáisiúin Phoist); M5C2-8 faoi Infheistíocht 2 (Patrúin neamhspleáchais do dhaoine faoi mhíchumas); M5C2-12 faoi Infheistíocht 4 (Infheistíochtaí i dtionscadail athghiniúna uirbí, arb é is aidhm dóibh cásanna imeallaithe agus díghrádaithe shóisialta a laghdú); M5C2-14 agus M5C2-16 faoi Infheistíocht 5 (Pleananna uirbeacha comhtháite); M5C2-20 faoi Infheistíocht 6 (Clár Nuálaíochta do Cháilíocht Tithíochta); M5C2-22 faoi Infheistíocht 7 (Spórt agus Cuimsiú Sóisialta) faoi Mhisean 5, Comhchuid 2; M5C3-13 faoi Infheistíocht 1.4 (Infheistíochtaí bonneagair le haghaidh an Limistéir Eacnamaíoch Speisialta) faoi Mhisean 5, Comhchuid 3; M6C1-11 faoi Infheistíocht 1.3 (An cúram sláinte idirmheánach agus na saoráidí a bhaineann leis a neartú (Ospidéil Phobail)); M6C2-6 agus M6C2-9 faoi Infheistíocht 1.1 (Nuashonrú digiteach threalamh teicneolaíoch na n-ospidéal); M6C2-10bis faoi Infheistíocht 1.2 (I dtreo ospidéal sábháilte agus inbhuanaithe); M6C2-12 faoi Infheistíocht 1.3 (Neartú an bhonneagair teicneolaíochta agus na n-uirlisí chun sonraí a bhailiú, a phróiseáil agus a anailísiú agus chun ionsamhlú a dhéanamh) faoi Mhisean 6, Comhchuid 2; M6C2-16 Infheistíocht 2.2 (Scileanna gairmiúla teicniúla, digiteacha agus bainistíochta na ngairmithe sa chóras cúraim sláinte a fhorbairt); M7-3 faoi Athchóiriú 1 (Nósanna imeachta ceadúnúcháin a chuíchóiriú le haghaidh fuinneamh in-athnuaite ar an leibhéal lárnach agus áitiúil); M7-11 faoi Infheistíocht 1 (Beart méadaithe: Eangacha Cliste); M7-12 faoi Infheistíocht 2 (Beart méadaithe: Idirghabhálacha chun athléimneacht na heangaí cumhachta a mhéadú); M7-13 faoi Infheistíocht 3 (Beart méadaithe: Hidrigin a thairgeadh ar láithreáin athfhorbraíochta (Gleannta Hidrigine)); M7-15 faoi Infheistíocht 4 (Tyrrhenian link); M7-17 faoin Infheistíocht 5 (SA.CO.I.3); M7-22 faoi Infheistíocht 7 (Eangach tarchurtha náisiúnta chliste); M7-37 faoi Infheistíocht 13 (Céim 1 Líne Aidriad (stáisiún comhbhrúiteora Sulmona agus píblíne gháis Sestino-Minerbio)); M7-39 faoi Infheistíocht 14 (Bonneagar onnmhairiúcháin gáis trasteorann); M7-50 faoi Infheistíocht 18 (Beart méadaithe: An clár chun na flíteanna feithiclí príobháideacha agus feithiclí tráchtála éadroma a athnuachan le feithiclí leictreacha) faoi Mhisean 7. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(12) Tar éis bearta a bhaint nó a leibhéal cur chun feidhme a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an Iodáil úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun dhá bheart nua a chur leis agus chun leibhéal cur chun feidhme ocht mbeart a mhéadú. Baineann an méid sin le M1C2-34 faoi Infheistíocht 9 (Beart

méadaithe: Aistriú 4.0) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2; M2C2-35bis faoi Infheistíocht 4.4.2 (An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch); M2C2-47 faoi Infheistíocht 1.2 (Foinsí fuinnimh in-athnuaite a chur chun cinn do phobail fuinnimh agus d'fhéintomhaltóirí fuinnimh inathnuaite a ghníomhaíonn go comhpháirteach); M2C2-54 faoi Infheistíocht 4.6 (Traenacha diagnóiseacha); M2C2-55 faoi Infheistíocht 5.5 (Creidmheas cánach glas) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2; M2C4-39 agus M2C4-40 faoi Infheistíocht 4.5 (Scéim deontais le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar uisce) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4; M3C1-20 faoi Infheistíocht 1.8 (Stáisiúin traenach a uasghrádú) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1; M5C1-19bis agus M5C1-20 faoi Infheistíocht 5 (Fiontair ban a chruthú) faoi Mhisean 5, Comhchuid 1; M7-31 faoi Infheistíocht 11 (Beart méadaithe: An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch); M7-44 agus M7-45 faoi Infheistíocht 16 (Tacaíocht do FBManna le haghaidh féintáirgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite); M7-49 faoi Infheistíocht 17 (Ionstraim airgeadais le haghaidh athchóirithe fuinnimh ar thithíocht chónaithe phoiblí) faoi Mhisean 7. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an Iodáil go méadófaí leibhéal cur chun feidhme ocht mbeart agus go gcuirfí dhá bheart nua leis. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Ceartúcháin ar earráidí cléireachais*

(13) Sainaithníodh dhá earráid chléireachais i dtéacs Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a dhéanann difear do dhá chloch míle / sprioc in dhá bheart faoi dhá chomhchuid. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach bhfuil ag luí le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 30 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Iodáil. Baineann na hearráidí cléireachais sin le M1C2-31 d'Infheistíocht 7 (Ciste Náisiúnta um Nascacht) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2; M4C1-23 d'Infheistíocht 3.4 (Scileanna teagaisc agus ardscileanna ollscoile) faoi Mhisean 4, Comhchuid 1. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(14) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU*

(15) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(16) Maidir leis na leasuithe a bhaineann le hAthchóiriú 1 (Nósanna imeachta ceadúnúcháin a chuíchóiriú le haghaidh fuinneamh in-athnuaite ar an leibhéal lárnach agus áitiúil); Infheistíocht 1 (Beart méadaithe: Eangacha Cliste); Infheistíocht 2 (Beart méadaithe: Idirghabhálacha chun athléimneacht na heangaí cumhachta a mhéadú); Infheistíocht 3 (Beart méadaithe: Hidrigin a thairgeadh ar láithreáin athfhorbraíochta (Gleannta Hidrigine)); Infheistíocht 4 (Tyrrhenian link); Infheistíocht 5 (SA.CO.I.3); Infheistíocht 7 (Eangach tarchurtha náisiúnta chliste); Infheistíocht 8 (Soláthar inbhuanaithe, ciorclach agus slán Amhábhar Criticiúil); Infheistíocht 11 (An flít

iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch); Infheistíocht 13 (Céim 1 Líne Aidriad (stáisiún comhbhrúiteora Sulmona agus píblíne gháis Sestino-Minerbio)); Infheistíocht 14 (Bonneagar onnmhairiúcháin gáis trasteorann); Infheistíocht 15 (Transizione 5.0); Infheistíocht 16 (Tacaíocht do FBManna le haghaidh féintáirgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite); Infheistíocht 17 (Ionstraim airgeadais le haghaidh athchóirithe fuinnimh ar thithíocht chónaithe phoiblí) agus Infheistíocht 18 (Beart méadaithe: An clár chun na flíteanna feithiclí príobháideacha agus feithiclí tráchtála éadroma a athnuachan le feithiclí leictreacha), ní dhéanann siad aon difear don mheasúnú foriomlán go meastar go rannchuideoidh na bearta i gcaibidil REPowerEU, go háirithe, le tacú leis na cuspóirí in Airteagal 21c(3), pointí (a), (b), (c), (d), (e) agus (f) de Rialachán 2021/241. Rannchuidíonn an chaibidil go héifeachtach agus go mór leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus le laghdú ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030. Dá bhrí sin, rannchuidíonn an plean leasaithe go héifeachtach le cuspóirí Airteagal 19(3), pointe (da).

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 37 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, agus 71,9 % de chostais iomlána mheasta na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méideanna arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021-2030.

(18) Baineann na leasuithe ar an ranníocaíocht leis an aistriú glas leis an laghdú ar an leithdháileadh le haghaidh bearta áirithe i roinnt misean agus comhchodanna. Rinneadh an laghdú a fhritháireamh go páirteach le roinnt infheistíochtaí nua agus bearta lena mbaineann leibhéal méadaithe cur chun feidhme. Bhain an laghdú ar an leithdháileadh le hInfheistíocht 2.2 (Páirc Agra-ghréine) faoi Mhisean 2, Comhchuid 1. Ba mhó ná cúiteamh ar an laghdú ar Infheistíocht 1.1 (Córais agra-voltacha a fhorbairt) agus ar Infheistíocht 4.3 (Bonneagair athluchtúcháin a shuiteáil) faoi Mhisean 2, Comhchuid 2 é an méadú ar Infheistíocht 1.2 (Pobail fuinnimh in-athnuaite agus féintomhaltóirí fuinnimh inathnuaite a ghníomhaíonn go comhpháirteach a chur chun cinn), maille le méadú an leithdháilte le haghaidh Infheistíocht 4.4.2 (An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch), Infheistíocht 5.1 (Teicneolaíochtaí Glan-nialasacha) agus cruthú Infheistíocht 4.6 (Traenacha diagnóiseacha), Infheistíocht 5.5 (Creidmheas cánach glas) agus méadú na clibeála glaise le haghaidh Infheistíocht 5.4 (Instealladh cothromais sa Chiste um Aistriú Glas faoi bhainistíocht CDP Venture Capital SGR) freisin. Bhain méadú ar an leithdháileadh le hInfheistíocht 4.5 (Scéim deontais le haghaidh infheistíochtaí i mbonneagar uisce) faoi Mhisean 2, Comhchuid 4. Ina theannta sin, faoi Mhisean 3, Comhchuid 1, rinneadh an laghdú ar an leithdháileadh le haghaidh Athchóiriú 1.3 (Éifeachtúlacht an bhonneagair iarnróid a mhéadú san Iodáil) faoi Mhisean 3, Comhchuid 1 a fhritháireamh go páirteach le méadú ar an leithdháileadh le haghaidh Infheistíocht 1.8 (Stáisiúin traenach a uasghrádú). Bhain an

laghdú freisin le hInfheistíocht 6 (Clár Nuálaíochta do Cháilíocht Tithíochta) faoi Mhisean 5, Comhchuid 2; agus Infheistíocht 1.1 (Tithe Pobail Sláinte chun cúnamh sláinte chríochach a fheabhsú) faoi Mhisean 6, Comhchuid 1. Ar deireadh, faoi Mhisean 7, ba mhó ná cúiteamh ar an laghdú ar an leithdháileadh maidir leis an rannchuidiú leis an aistriú glas in Infheistíocht 8 (Soláthar inbhuanaithe, ciorclach agus slán Amhábhar Criticiúil); Infheistíocht 15 (Transizione 5.0) faoi Mhisean 7 é an méadú ar an leithdháileadh in Infheistíocht 11 (Méadú: An flít iarnróid iompair phoiblí réigiúnach a neartú le traenacha astaíochtaí nialasacha agus seirbhís uilíoch); Infheistíocht 16 (Tacaíocht do FBManna le haghaidh féintáirgeadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite); Infheistíocht 17 (Ionstraim airgeadais le haghaidh athchóirithe fuinnimh ar thithíocht chónaithe phoiblí).

(19) Ar an iomlán, tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag cur go mór le haistriú glas na hIodáile. De thoradh na ndifríochtaí in ábhar clibeála aeráide an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glanlaghdú 0,1 pointe céatadáin go 37 % ó 37,1 % ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile. Ní dhéanann raon na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 26,4 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(21) Baineann an laghdú ar an leithdháileadh le hInfheistíocht 2 (Nuálaíocht agus teicneolaíocht na micrileictreonaice) faoi Mhisean 1, Comhchuid 2 agus le hInfheistíocht 2.1 (An slabhra lóistíochta a dhigiteáil) faoi Mhisean 3, Comhchuid 2.

(22) Ar an iomlán, tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag cur le haistriú digiteach na hIodáile: de thoradh na ndifríochtaí in ábhar clibeála digití na mbeart laghdaithe, tá glanlaghdú 0,1 pointe céatadáin go 26,4 % ó 26,5 % i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Costáil***

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid chostas iomlán measta an phlean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(24) Tá méid chostas iomlán measta an phlean leasaithe i gcomhréir le nádúr agus cineál na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe. Dá bhrí sin, meastar gur réasúnta agus inchreidte iad na meastacháin chostais le haghaidh fhormhór na mbeart sa phlean leasaithe. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an Iodáil nach gcumhdaítear méid an chostais iomláin mheasta le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean leasaithe i

gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta. Dá bhrí sin, tá údar le rátáil B i gcás an phlean leasaithe.

*Aon chritéir mheasúnaithe eile*

(25) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Iodáil chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ST 10160/21 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (db), (g), (h), (j) agus (k).

*Measúnú dearfach*

(26) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go comhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá i dtaca le cur chun feidhme an phlean leasaithe a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, chomh maith leis an méid a chuirfidh an tAontas ar fáil i gcomhair chur chun feidhme an phlean leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(27) Is é EUR 194 435 381 164 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hIodáile. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Iodáil, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241, arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na hIodáile, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith cothrom le EUR 71 779 623 788. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Iodáil.

*Iasachtaí*

(28) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Iodáil dar luach EUR 122 601 810 400.

(29) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán.

(30) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le cistí de chuid an Aontais a dhámhachtain faoi aon chlár de chuid an Aontais seachas an tSaoráid nó do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a ghabháil ar láimh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní ghabhann an Cinneadh seo treis ar an gceanglas atá ar

[11] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean*

Formheastar an measúnú a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241 ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe le haghaidh na hIodáile.

Airteagal 2

*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta le haghaidh na hIodáile mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 3

*Seolaí*

Is chuig Poblacht na hIodáile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*